SIA

Ag Tacú le hÉireannaigh Thar Lear



SIA – Is éard atá i SIA 'Ag Tacú le hÉireannaigh Thar Lear' ná Feachtas Choimisiún Easpaig na hÉireann um Dheoraithe (IECE). Tacaigh leis na hÉireannaigh Thar Lear trí cibé síntiús is féidir leat a thabhairt, trí mhachnamh ar na deoraithe i do smaointe agus trí bheart a dhéanamh chun tacú le glúine na nGael a chuaigh ar imirce.

Chun a thuilleadh eolais a fháil:

Guthán: (01) 505 3055
www.catholiccommunications.ie/sia

Focal ón Easpag Séamus Ó hÉigeartaigh,
Easpag Dhoire agus Cathaoirleach IECE

RÉAMHRÁ

Thar ceann na ndaoine go léir a bhain tairbhe as tú a bheith chomh fial sin le feachtais SIA na mblianta 2004 agus 2005, gabhaim buíochas ó chroí leat as do shuim agus do thacaíocht.

Tá na feachtais seo tar éis treise a chur ar an dualgas atá orainn i leith na nGael thar lear. Dhírigh feachtas na bliana 2004 ar ár ndaoine scothaosta sa Ríocht Aontaithe, go háirithe iad siúd a bhfuil an saol crua tar éis an lámh in uachtar a fháil orthu. Tá a thuilleadh acmhainní anois ar fáil do mhórán de na gníomhaireachtaí atá ag iarraidh riar ar riachtanais na ndaoine seo. Is dúshlán i gcónaí é deimhin a dhéanamh de go mbeidh an éifeacht mhianaithe ag na hacmhainní breise ó thaobh feabhas a chur ar leas na ndaoine sin is mó gátair. Dearbhaím duit go bhfuil na síntiúis a thug tú tar éis an cuspóir seo a bhaint amach agus feicfidh tú é sin nuair a léifidh tú na hachoimrí sa nuachtlitir seo.

SIA 2006

Tá aiceann á chur ag feachtas SIA 2006 ar naisc níos láidre a shaothrú le deoisí agus paróistí de réir mar a thugaimid iarracht ar obair sheachtrach a dhéanamh le daoine scothaosta a fhéadfaidh a bheith ina gcónaí leo féin. Gabhaim buíochas leis na sagairt, siúracha agus paróistigh a ghlacann páirt i gcúram na nGael scothaosta. Is feasach dúinn go bhfuil an earnáil dheonach an-éifeachtach agus is ceart tacú leis na daoine sin agus iad ag gabháil do shaothar atá chomh luachmhar sin. Is minic nach pian airgeadais atá ag cur isteach ar na daoine ar a dtugann siad cuairt ach pian an uaignis agus na leithlise. Tá clár oibrithe deonacha á fhairsingiú faoi láthair ag Lárionad Éireannach Londan chun an teagmháil le daoine uaigneacha díothacha a fheabhsú.

Spreagaim i mbliana tú le teagmháil a dhéanamh le do ghaolta scothaosta a chónaíonn thar lear. Tugann próifíl aoise na ndaoine seo le tuiscint gur mó ná riamh an gátar ina bhfuil siad anois. Ba mhinic a dhéanadh deartháireacha agus deirfiúracha teagmháil lena muintir. Tá siad féin scothaosta anois agus b'fhéidir nach bhfuil sé ar a gcumas taisteal a oiread agus a dhéanaidis. Tugaimid cuireadh don teaghlach forleathnaithe ar thacaíocht a thabhairt don obair sheachtrach leis na baill seo den teaghlach arbh fhéidir go rabhadar mar phríomhthaca airgeadais do do theaghlach san am atá thart. Le linn dom a bheith ar cuairt sa Ríocht Aontaithe le déanaí, dúirt fear amháin liom, 'níl ach rud amháin ann atá níos measa ná an bás a fháil', a dúirt sé, 'sin dearmad a bheith déanta ort!' Is é SIA-Ag Tacú le hÉireannaigh Thar Lear- an focal Gaeilge ar níos faide. Is é is cuspóir leis an bhfeachtas seo ná go mothóidh daoine níos cóngaraí agus níos comhcheangailte. Is fiú moladh a thabhairt d'aon iarracht bheag ar mhaolú a dhéanamh ar mhothú na deoraíochta nó na leithlise.

SIA 2005

Dhírigh feachtas na bliana 2005 ar na Gaeil gan cháipéisí sna Stáit Aontaithe. Is cuid iad den deich milliún go dhá mhilliún déag de dhaoine a bhfuil saol éiginnte á chaitheamh acu. Agus mé á scríobh seo táimid ag fanacht le freagra an reachtais Mheiriceánaigh ar an gceist. Níl cuma mhaith ar an scéal. Leanfaimid dár gcuid dlúthoibre leis na hEaspaig Mheiriceánacha ar a bhfeachtas ar son an cheartais d'inimircigh (www.justiceforimmigrants.com) agus athchóiriú cuimsitheach inimirice á lorg acu chun iad siúd a bhfuil saol an-éiginnte acu a chur san áireamh. I dtaca liomsa de, tá an feachtas tar éis treise a chur ar an ngá le dlíthe córa inimirce in Éirinn agus sinn ag cur fáilte roimh an oiread sin imirceach go hÉirinn. Gníomh a dhéanann inimircigh dleathach ach nach mbunaítear ach ar riachtanais sa mhargadh saothair agus nach bhféachann do na ceisteanna móra maidir le deis ar shaorántacht agus ar athaontú teaghlach, níl insint ar na fadhbanna a thabharfaidh sé dúinn san am atá le teacht.

IECE

Agus buíochas á ghabháil agam le baill Bhord an IECE (Coimisiún Easpaig na hÉireann um Dheoraithe) as a dtacaíocht agus a ndúthracht, gabhaim buíochas freisin leo siúd, agus cuirim in iúl an t-ardmheas atá agam orthu siúd, atá páirteach i gcúram na nGael thar lear. Tugaim buíochas ar leith do na chomhghleacaithe san oifig i Maigh Nuad atá tar éis na feachtais SIA a chomhordú le blianta beaga anuas. Bainim feidhm as an gcaoi seo ar bhuíochas a ghabháil leo siúd go léir a bhí páirteach i Ministreacht na nEisimirceach Éireannach ó bunaíodh ár gCoimisiún. Agus sinn ag súil sa bhliain 2007 le cothrom an lae a bunaíodh ár n-eagraíocht caoga bliain ó shin, táim bródúil as an mbaint atá agam leis an IECE. Cé nach bhfuil an líon daoine atá ag imeacht ó Éirinn chomh ard is a bhíodh san am atá thart, is é ár ngairm é teacht i gcabhair ar na Gaeil a chónaíonn thar lear. Dírítear an ghairm seo go príomha ar chabhrú leo siúd ar cuid iad de dhreamanna imeallaithe agus nach bhfuil éinne acu chun ionadaíocht nó tacaíocht a thabhairt dóibh. Rinneamar comóradh i mbliana ar fhiche bliain de thiomantas do phríosúnaigh Éireannacha thar sáile. Chuir ár gceiliúradh ar an imeacht seo treise ar an tábhacht lenár ngairm i dtaobh na ndaoine is imeallaithe.

(Ó Chlé go Deis) Aitheantas á thabhairt ag an Easpag Séamus Ó hÉigeartaigh, Easpag Dhoire, ar a chion den obair a rinne an tEaspag Ray Boland, Éarlamh Aspalacht Éireann Stáit Aontaithe Mheiriceá (IAUSA), agus é ag dul amach ar pinsean & Aire Stáit um Ghnóthaí Saothair, Tony Killeen, ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil an IAUSA

Dualgas i leith na nInimirceach

Spreagann ár n-obair sheachtrach d'eisimircigh ó Éirinn sinn le tabhairt faoin anchaoi ina bhfuil an líon méadaitheach inimirceach go hÉirinn. Is é is cuspóir foriomlán lenár saothar ná an méid a chuirtear in iúl sa Cháipéis Phointifiúil *Erga Migrantes Caritas Christi*, a luann: *"tá sé tábhachtach a athdhearbhú go n-éilíonn an cúram sin oscailteacht do dhomhan nua and iarracht ionraic ar d'áit féin a aimsiú ann, agus is é an sprioc deiridh ná rannpháirteachas iomlán na n-imirceach i saol na deoise".*[1]

Conclúid

Mar fhocal scoir is mian liom aitheantas a thabhairt don fhreagra iontach a thug sibhse, muintir na hÉireann, ar fheachtas SIA. Is mian liom buíochas a ghabháil leis na sagairt a chuir an anchaoi ina bhfuil ár n-eisimircigh Éireannacha ar bhur súile daoibh. Is mian liom buíochas a ghabháil freisin leis na hEaspaig eile as a gcúnamh agus a dtacaíocht sa chuid dhílis seo de bhunchuspóir na hEaglaise Éireannaí. Cuirim fáilte roimh tiomantas dearfach gníomhach an Oireachtais a chuirtear in iúl trí dheontas téagartha. I bhfianaise bhunú an aonaid shonraithe do na hÉireannaigh Thar Lear sa Roinn Gnóthaí Eachtracha, comhoibríonn an Rialtas agus Coimisiún Easpaig na hÉireann um Dheoraithe go héifeachtach anois ó thaobh freagracht chomhroinnte a chomhlíonadh maidir lena gcuid oibre seachtraí leis na Gaeil thar lear. Tugann páirtithe polaitíochta eile an-thacaíocht dúinn freisin. Tá leas na n-eisimirceach tar éis tosaíocht a ghlacadh thar sainleasanna polaitiúla na bpáirtithe.

"Go gcabhraí an Mhaighdean Mhuire, a d'fhulaing mar aon lena Mac Beannaithe pian na heisimirce agus na deoraíochta, linn an taithí, agus go minic an dráma, atá acu siúd a bhfuil sé d'fhiacha orthu cónaí i bhfad óna dtír dhúchais, a thuiscint agus go múine sí dúinn conas mar is ceart freastal orthu i ndáil lena gcuid riachtanas, agus sinn ag glacadh leo dáiríre mar dhearthaireacha agus mar dheirfiúracha, i dtreo go bhféadfar féachaint ar imircí an lae inniu mar ghlao, cé gur glao rúndiamhrach é, chun Ríocht Dé, atá ann cheana ina Eaglais, a tosach (cf. LG 9)[2]*, agus uirlis dheonú Dé chun aontacht an chine dhaonna agus an tsíocháin a chur chun cinn."*[3]

Séamus Ó hÉigeartaigh
Easpag Dhoire & Cathaoirleach IECE

1. 'Erga Migrantes Caritas Christi', Cathair na Vatacáine 2004, Alt 77
2. Comhairle na Vatacáine II, "Lumen Gentium' Alt 9
3. 'Erga Migrantes Caritas Christi', Cathair na Vatacáine 2004. Alt 104

An tSéiplíneacht Éireannach sa Bhreatain

Leis an Athair Nigel Charles, Comhordaitheoir an Chláir Mhuintearais do Ghaeil Scothaosta

I samhradh na bliana 1988, bhí mé díreach tar éis mo chéad bhliain a chur díom i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad, Contae Chill Dara. Ar nós na mac léinn eile, chuir na laethanta saoire deis thábhachtach ar fáil dom ar chúpla punt a thuilleamh chun mé féin a chothú sa choláiste an bhliain ina dhiaidh sin. Moladh dom dul go Sasana chun obair i láthair tógála mar bhí an obair go fliúirseach agus bhí an t-airgead go maith. Bhí an t-ádh orm go raibh a lán gaolta liom i Sasana. Thug m'uncail Séamus cúnamh chun tosaithe dom agus thaistil an bheirt againn le chéile go Londain. Ba é sin an chéad uair dom i Londain; mo chéad uair i láthair tógála agus mo chéad phost lánaimseartha, fiú dá mba phost samhraidh é. Bhuail mé le mórán Gael óg i Londain i rith an tsamhraidh sin, mic léinn ar mo nós féin, iad thall chun cúpla punt a thuilleamh.

Is deacair an t-athrú ó shin a chreidiúint. Is beag Gael óg a thagann sall anseo go Londain anois, mar tá rath chomh mór sin ar gheilleagar na hÉireann. Sa bhliain 1988 ba mhór an difríocht idir caighdeán maireachtála Shasana agus caighdeán maireachtála na hÉireann. Is beag difríocht atá anois ann agus déarfadh a lán daoine gur fearr í Éire mar thír inar féidir cónaí. Ceapadh mé don tSéiplíneacht Éireannach sa Bhreatain i Meán Fómhair 2005. Táim lonnaithe sa Lárionad Éireannach i mBaile Camden, Londain. Iarradh orm tús a chur le *Clár Muintearais do Dhaoine Scothaosta*. Is í an fhadhb a bhféachaimid le tabhairt fúithi ná an t-uaigneas. D'fhéadfadh roinnt daoine a fhiafraí cén fáth go mbeadh duine uaigneach i gcathair mar Londain ina gcónaíonn breis is seacht milliún duine? Is an-shona atá an chuid is mó de na Gaeil scothaosta lenar bhuail mé anseo. Ach má tá meath ag teacht ar do shláinte, mura bhfuil do mhuintir sa chóngar agus mura bhfuil caidreamh agat le do mhuintir sa bhaile ansin is áit an-uaigneach í Londain nó aon chathair mhór.

Na Gaeil a tháinig anseo sna daichidí, sna caogaidí agus sna seascaidí, tháinig siad mar bhí orthu teacht. Bhí fíorbheagán oideachais agus bhí oilteachtaí teoranta ag a lán acu. Mar phobal rinne siad a gcion féin ar son na tíre seo trí bheith ag obair go dian agus ag tacú le chéile. Ní dhearna siad dearmad riamh ar cárbh as dóibh agus tá gach pobal sa bhaile tar éis tairbhe a bhaint as flaithiúlacht agus dílseacht an phobail Éireannaigh sa Bhreatain. Sna seachtóidí agus sna hochtóidí nuair a thagadh baill den teaghlach ar cuairt chugainn ó Shasana, b'fhurasta a cheapadh go raibh an saol chomh maith sin agus go raibh an t-airgead ag fás ar na crainn sa tír sin. Cibé rud a bhain an pobal Éireannach amach anseo, ba de bharr na hoibre crua a bhain siad amach é.

Rud amháin a chonacthas dom ó thosaigh mé mo chuid oibre don tSéiplíneacht Éireannach is ea chomh dílis tacúil atá an pobal Éireannach dá chéile. Sa Lárionad Éireannach anseo i mBaile Camden, tá roinnt mhaith dreamanna a chuireann seirbhísí iontacha ar fáil don phobal Éireannach. Más mian le duine a fháil amach cad iad na rudaí a bhfuil siad ina dteideal, más mian leo eolas a fháil ar dhul abhaile nó má theastaíonn uathu comhrá a dhéanamh le duine éigin, tá eagraíocht éigin ann a thabharfaidh iarracht ar riar ar a riachtanais. Tá pobail Eaglaise, cumainn Chontae, Cumann Lúthchleas Gael, agus mar sin de tar éis mothú báíochta agus tacaíochta a chothú i measc na ndaoine agus tá siad ag leaúint den saothar sin. Ach cosúil le gach pobal comhbhách, déantar a lán dea-oibre nach dtarraingíonn an t-aire ná an t-aitheantas atá tuillte aici. Idir bheith ag tabhairt cuairte ar dhuine scothaosta, bheith ag cabhrú le teaghlach nuair a fhaigheann duine bás nó bheith cineálta comhbhách mar chomharsa nó mar chara, níl an pobal Éireannach anseo tar éis dearmad a dhéanamh ar an luach Críostaí tábhachtach sin ó thaobh cabhrú leo siúd nach bhfuil an t-ádh céanna orthu.

Bhunaigh Easpaig Chaitliceacha na hÉireann an tSéiplíneacht Éireannach sa Bhreatain beagnach caoga bliain ó shin, chun iarracht a thabhairt ar thacú leis na Gaeil óga a bhí ag teacht chun cónaí agus chun obair anseo. I Meán Fómhair 2005 thosaigh an tSéiplíneacht *Clár Muintearais do Dhaoine Scothaosta*. Is í an aidhm atá leis ná dul i dtadhall le daoine Éireannacha scothaosta a chónaíonn anseo a bhfuil fíorbheagán tacaíochta óna muintir acu. Daoine mar Bhridget ó Chontae an Chláir, atá ina cónaí i Londain ó 1953. Fuair fear céile Bhridget bás fiche bliain ó shin agus anois tá sí an-bhreoite agus níl éinne dá muintir sa chóngar. Tugann an tSéiplíneacht cuairt uirthi gach seachtain. Tá roinnt daoine tar éis teagmháil a dhéanamh go díreach leis an tSéiplíneacht. Tá dreamanna cásmhara, daoine cásmhara nó seirbhísí sóisialta tar éis daoine eile a atreorú chugainn. Má chónaíonn an duine i limistéar Londan, tabharfaimid cuairt air nó uirthi. Má chónaíonn siad lasmuigh de Londain, cuirimid scéala chucu tríd an bpost nó ar an nguthán. Tugaimid iarracht ar chabhrú leo i cibé slí is féidir linn, is cuma más gá cupán tae a dhéanamh, comhrá a dhéanamh, nuachtán a fháil, paidreacha a rá leo agus mar sin de. Ní shroichfidh an clár ach céatadán beag den phobal Éireannach scothaosta a chónaíonn sa Bhreatain. Ach trínár n-iarrachtaí umhla is í an teachtaireacht ba mhaith leis an tSéiplíneacht Éireannach a thabhairt thar ceann na hEaglaise Éireannaí don phobal Éireannach anseo ná: "ní dhearnamar dearmad ort."

† An tAthair Nigel Charles
Comhodaitheoir an Chláir Mhuintearais do Dhaoine Scothaosta

Comhordaitheoir ar Sheirbhísí Leasa Phobail, Lárionad Éireannach Londan

Alt le John Twomey, Comhordaitheoir ar Sheirbhísí Leasa Phobail

An Líon Gael Scothaosta

Ní thuigtear go coitianta chomh mór is atá an daonra Éireannach sa Ríocht Aontaithe. Tugann sonraí an daonáirimh le fios go mb'fhéidir go gcónaíonn 15% den daonra Éireannach uile sa Riocht Aontaithe. Tá sé seo ina scáthán ar an líon ollmhór daoine a tháinig anseo i rith na dtréimhsí tábhachtacha tar éis an chogaidh. Ní nach ionadh, tá a lán Gael scothaosta anseo. Tá siad lonnaithe sna pobail go léir ar fud na Ríochta Aontaithe ach is líonmhaire iad sna cathracha móra.

Riachtanais na nGael Scothaosta

Is díréireach ard é líon na nGael scothaosta i gcomparáid leis an daonra ginearálta ó Éirinn sa Bhreatain. Is díréireach dealraitheach go gcónaíonn siad leo féin agus go bhfulaingíonn siad tinneas nó míchumas fadtéarmach díblithe. Tá an iomad acu sna staitisticí náisiúnta sláinte i ndáil le domheanmnacht, ailsí áirithe agus galar croí. Anuas air sin, is díréireach dealraitheach go gcónaíonn siad i gceantar ionchathrach atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta. De réir gach dealraimh, tá siad ag brath ar shochar stáit a bhronntar de réir tástála acmhainne i gcomhair a mbunchothaithe. Tá fadhbanna alcóil ag mionlach nach féidir neamhshuim a dhéanamh dó. Go huathúil i measc na ndaonraí inimirceacha go léir, thar 5% níos lú is ea an t-ionchas saoil atá ag duine Éireannach scothaosta de thoradh na heisimirce chun na Ríochta Aontaithe agus is fíric chorraitheach é seo le ceart. Craoladh clár "Prime Time" a léirigh na staitisticí diúltacha seo faoin gcruachás ina bhfuil mórán Gael scothaosta. Bhí an ceart iomlán ag Coimisiún Easpaig na hÉireann um Dheoraithe, mar sin, nuair a chinn sé ar riachtanais na ndaoine scothaosta mar eochairthéama ina chlár cúnaimh SIA.

An Rath a bhí ar chomhoibriú SIA le solúbthacht na ngníomhaireachtaí etc.

Ba rímhaith é an cur chuige a bhí ag SIA ó thaobh comhoibriú leis an bpobal Éireannach sa Ríocht Aontaithe. Bhí teagmhálacha bunaithe le fada aige le gníomhaireachtaí agus paróistí Éireannacha tríd an tSéiplíneacht Éireannach agus chiallaigh sé sin go raibh sé ar a chumas an áit a raibh na riachtanais suite a aithint go tapa agus na modhanna is tapúla chun riar orthu a shainaithint. Chuir na gníomhaireachtaí Éireannacha fáilte roimh luas agus cuspóir chur chuige SIA. D'aithin SIA freisin an géarghá le seirbhísí a chur ar fáil a bheadh cultúríogair. Tá a fhios ag an saol go mbíonn drogall ar dhaoine Éireannacha scothaosta leas a bhaint as seirbhísí más amhlaidh atá gach uile sheans nach bhfuil an tuiscint is iomláine ag foireann na seibhísí ar thaithí shaoil na ndaoine scothaosta sin.

Seo iad roinnt de na réimsí oibre lenar thacaigh SIA:

Cásobair Sheachtrach le Daoine Scothaosta

Thacaigh feachtas SIA le seirbhísí cásoibre 'duine le duine' inar bhain Gaeil scothaosta leochaileacha tairbhe as cúnamh sciobtha ó chásoibrí ag a bhfuil taithí mhaith chun a chinntiú go ndearnadh a ndínití bunúsacha saoil a chosaint agus a chur chun cinn. I dtéarmaí praiticiúla chiallaigh sé seo rudaí mar chóiríocht ardchaighdeáin a shocrú, cabhrú ó thaobh pinsean, ceangal le dochtúirí agus ospidéil agus nascadh le gníomhaíochtaí oideachais. Éileamh ard leanúnach a bhí ar na seirbhísí seo. Tá sé seo ina scáthán ar an líon cliant.

Saintuairisc

Lámhoibrí ab ea Joe a bhí tar éis cónaí i lóistíní ar feadh a shaoil aosaigh. Tháinig meath ar a shláinte sa dóigh go raibh air éirí as an obair nuair a bhí sé 55 bliana d'aois. Go gairid ina dhiaidh sin, tugadh fógra imeachta dó. Ní raibh a dhóthain coigiltis aige chun cóiríocht a fháil dó féin. Bhí air aghaidh a thabhairt ar a bheith gan dídean nuair bhí sé ríleochaileach. Chuir a chásoibrí iarratas faoi bhráid na Roinne Tithíochta san áit sin, iarratas inar míníodh a fhadhbanna tromaí soghluaiseachta agus míochaine. Cuireadh cóiríocht ghearrthéarmach ar fáil láithreach. Ina dhiaidh sin dáileadh árasán breá i scéim tithíochta faoi dhídean air. Bronnadh deontas air chun troscán a chur san árasán. Cuireadh a shochar tithíochta agus a éilimh shochar pearsanta ar bun ansin. Imeacht andhearfach i saol Joe ab ea an t-aistriú go cóiríocht shlán shábháilte inacmhainne.

Muintearas

Thacaigh feachtas SIA le scéimeanna muintearais a chabhraigh le cliaint an-scoite a raibh a ngréasáin shóisialta thar a bheith uireasach nó ar lár. De ghnáth, chinntigh scéimeanna gur thug oibrithe deonacha atá oilte agus maoirsithe cuairteanna ar dhaoine scothaosta ina dtithe féin, ina ndéanfaidh siad teagmháil leo chun an staid scoite ina bhfuil siad a mhaolú agus chun a gcuid gníomhaíochta agus a gcuid rannpháirtíochta sóisialta a mhéadú. Ní cóir dímheas a chaitheamh ar an tábhacht a bhaineann le cuairt bháúil ar an duine scoite. Is é an toradh a bhíonn ar an gcuairt sin i gcoitinne ná an duine scoite a ghríosadh chun páirt níos fearr a ghlacadh i saol na háite. Tugann sí misneach dóibh smaoineamh ar fhónamh a bhaint as gníomhaíochtai agus teidlíochtaí nach ndéanfaidis in éagmais na cuairte sin. Thairis sin tá an t-oibrí deonach a bhfuil oiliúint mhaith air/uirthi i riocht aon ghnó ar cúis imní é, a fhéadfaidh a eascairt as cuairt, a thabhairt faoi

> “Is mór ag Michael an tairbhe a bhaineann sé as cúnamh an oibrí dheonaigh mar tá an cúnamh sin tar éis an deis a thabhairt dó a bheith rannpháirteach sa saol, rud a cheap sé a bhí caillte ar fad aige.”

deara agus cuntas a thabhairt ina thaobh. Is mar sin a bhaintear feidhm chaomhnóra amach ar shlí nach ualach mór atá i gceist.

Saintuairisc, Muintearas le Daoine Scothaosta

Bhí Michael, agus é ag druidim le seachtó bliain, ina chónaí leis féin in árasán beag faoi dhídean in ionchathair Londan. Bhi a airtriteas chomh dona sin go raibh air fanacht sa chathaoir rothaí. Ní raibh sé lasmuigh den árasán le sé bliana. Ba é an t-aon ghaol a bhí aige ná deirfiúr a bhí teoranta ó thaobh a bheith in ann teagmháil leis mar d'fhulaing sí galar Parkinson. Atreoraíodh Michael go Lárionad Éireannach Londan mar chás a bhí i ngéarghátar.

Sannadh oibrí deonach dó a chrom ar bhualadh isteach chuige ar an Domhnach. Cruthaíodh ceangal croíúil eatarthu. Anois tugann an t-oibrí deonach Michael chun an tséipéil go rialta. Cuireann sé ar a chumas páirt a ghlacadh sa saol. Nuair a d'éag a dheirfiúr ní ba luaithe i mbliana, bhí an t-oibrí deonach ábalta ar Mhichael a thabhairt chun na sochraide. Ina theannta sin cabhraíonn an t-oibrí deonach i dtaca le cúraimí beaga in árasán Mhichael. Is mór ag Michael an tairbhe a bhaineann sé as cúnamh an oibrí dheonaigh mar tá an cúnamh sin tar éis an deis a thabhairt dó a bheith rannpháirteach sa saol, rud a cheap sé a bhí caillte ar fad aige.

Ba mhór an sásamh don oibrí deonach é a bheith in ann cabhrú le leithlis agus uaigneas an seanduine Éireannaigh seo a mhaolú. Braitheann sé gur fheabhsaigh sé a chuid comhtháthaithe féin i saol Londan. Bhain sé taitneamh as bheith bainteach le clár na n-oibrithe deonacha, áit a ndearna sé cairdeas le comhoibrithe deonacha. Thairis sin, tá sé tar éis oiliúint a fháil, rud a cheapann sé a chabhraigh leis obair a fháil i Londain.

Gníomhaíochtaí Sóisialta Spriocaimsithe

Thacaigh feachtas SIA lena lán gníomhaíochtaí do dhaoine scothaosta a thug fíordheiseanna sóisialta seasmhacha dóibh. Sampla de seo is ea tacaíocht SIA do chlubanna lóin. Déanann rannpháirteachas sna himeachtaí seo sochar do dhaoine scoite ó thaobh muinín agus fios a shaothrú ina measc. Chruthaigh sé mothú dínite agus cúraim.

Ciste Leasa

Tá SIA tar éis ciste leasa a chur ar siúl le cúnamh na ngníomhaireachtaí Éireannacha chun a chinntiú go bhféadfadh na daoine i ngátar suimeanna measartha cúnaimh a fháil. Is suntasach é an tairbhe atá le baint as deontas beag tráthúil. Mar shampla, cliaint a bhí ag bogadh as droch-chóiríocht phríobháideach ar cíos go tithíocht chuí faoi dhídean, cabhraíodh leo ó thaobh na gcostas suiteála tí cosúil le cócaireán, cuisneoir agus córacha leapa a cheannach. I mórán cásanna, bhí cliaint ar shochar de bhun tástála acmhainne nár chlúdaigh ach a gcostais bhunchothaithe. Bhí siad seo chomh beag le £55 sa tseachtain. Ní raibh sé d'acmhainn ag cliaint dá leithéid aon rud cuíosach mór a cheannach; ba ríthábhachtach í tacaíocht SIA dá bhrí sin.

Tionscadail Alcóil

Thacaigh feachtas SIA le Club Sóisialta Saor ó Alcól agus Drugaí a fhéachann le caoi shábháilte fhóinteach a thabhairt dóibh siúd a mbíonn fadhbanna alcóil acu ar bheith i gcuideachta. Feidhmíonn an Club dhá uair sa tseachtain ag an Lárionad. Tairgeann sé atmaisféar caifé. Imrítear linn, dairteanna, sacar boird, cártaí agus cluichí eile. Cuirtear béile te ar fáil, arna ullmhú ag baill den chlub faoi seach. Eagraítear imeachtaí laistigh agus lasmuigh den Chlub freisin. Is léir gur mór an t-éileamh ar an tseirbhís sin a théann i ngleic leis an uaigneas millteach nach mór dóibh siúd a bhíonn ag téarnamh aghaidh a thabhairt air. Gníomhaíonn an leithlis sin mar “thruicear” diúltach i dtreo an athiompaithe. Thacaigh SIA le tús a chur le clár nua gníomhaíochtaí do bhaill den Chlub a chuimsigh turais agus eachtraí, a bhfuil gné oideachasúil acu i gcoitinne.

Iarmhairt ar an maicrleibhéal

Tríd is tríd tá SIA tar éis éascaíocht a dhéanamh do sholáthar nua seirbhíse i leith daoine Éireannacha scothaosta atá i ngátar sa Ríocht Aontaithe. Tá sé tar éis é seo a dhéanamh ar shlí éifeachtúil trí fheidhm a bhaint as na naisc luachmhara ar fáil dó. Na gníomhaireachtaí a chuaigh i gcomhpháirt le feachtas SIA, cuireadh ar a gcumas tionscadail nua a thosú agus na cinn a bhí ann cheana a neartú. Is ríluachmhar an rud é seo. Lasmuigh de na sochair airgeadais, tá scéim SIA tar éis treisiú leis an meanma ar fud na ngníomhaireachtaí. An t-aitheantas a tugadh dá ndícheall tríd an tacaíocht inláimhsithe, tá sé sin tar éis spreagadh mór a thabhairt dá bhfuinneamh. Is iomaí dúshlán atá sa saothar ar thús cadhnaíochta. Fáiltítear i gcónaí roimhe nuair a thugtar aitheantas mórchroíoch dóibh seo sa tslí ina ndearna feachtas SIA. Táimid fíorbhuíoch d'fheachtas SIA agus dar ndóigh dá dheontóirí, muintir na hÉireann. Go raibh míle maith agaibh!

† John Twomey
Comhordaitheoir ar Sheirbhísí Leasa Phobail

Trí Mhí agus Mé Ag Dul Sa Treo Ceart

Leis an Athair John McCarthy, Séiplíneach Éireannach sa Lárionad Tréadach Éireannach, Bostún

Oirníodh i mo shagart mé deich mbliana ó shin agus chaith mé an chéad naoi mbliana i gcathair Luimnigh. Tar éis dom cúrsa ar Athnuachan don Mhinistreacht a dhéanamh - smaoinigh mé: cad a dhéanfaidh mé anois? Labhair mé leis an Athair Alan Hilliard, Stiúrthóir Choimisiún Easpaig na hÉireann um Dheoraithe (IECE) agus shocraigh mé ar iarratas a chur isteach ar shéiplíneacht i gceann de na hoifigí sna Stáit Aontaithe.

I mí Iúil 2005, chuaigh mé go Bostún, chun bualadh leis na daoine go léir a bhí bainteach leis an Lárionad Tréadach Éireannach. Baineadh geit asam ar dtús ag an aerphort de thoradh na teasa agus na taise i mBostún i rith mhíonna an tsamhraidh. Mary agus Marty Carr, lánúin phósta ó Ghaillimh a tháinig go Bostún breis is tríocha bliain ó shin, a d'fhear fáilte romham.

Bhuail mé leis an Athair Dan Finn a bhí ar cheann de bhunaitheoirí an Lárionaid Thréadaigh Éireannaigh atá ann anois le ocht mbliana dhéag. I gcaitheamh seachtaine amháin bhuail mé le nach mór na daoine go léir agus an fhoireann uile a bhain le reáchtáil an Lárionaid Thréadaigh Éireannaigh.

Ní ba thábhachtaí fós thug an chead chruinniú seo an deis dom ar bhualadh leis na hinimiricigh éagsúla gan cháipéisí ó Éirinn a bhí ina gcónaí i mBostún. Buimí, cúramóirí na ndaoine scothaosta, péintéirí, pláistéirí nó daoine a bhí gafa i saghas éigin oibre tógála ab ea an chuid ba mhó díobh siúd gan cháipéisí ar bhuail mé leo. Cé gur tháinig siad ó chontaetha éagsúla agus ó chúlraí éagsúla bhí an eagla bhunúsach chéanna orthu faoi bheith gan cháipéisí i Meiriceá. Anuas air sin, ón uair gur bhuail mé leis na hinimiricigh seo d'aithin mé go raibh gá le Séiplíneach i limistéar Bhostún gan aon agó.

Cuireadh alltacht orm toisc gur tháinig mé isteach "i bparóiste gan teorainneacha", chomh maith le mé féin a chló le heagraíocht a bunaíodh ocht mbliana dhéag roimhe sin. Eagla eile a bhí orm ná "An socróinn isteach i Meiriceá?" chomh maith le cumha a bheith orm i ndiaidh mo mhuintire in Éirinn.

Mar sin féin, ba mhór an tarraingt sa dúiche lenar bhain an oiread sin buntáistí ó thaobh pobal mór na nGael a bheith san áit agus iomáint agus peil á n-imirt. Fearadh fáilte an-mhór romham agus d'éascaigh sí sin mo chinneadh beagáinín.

Tar éis dom machnamh air ar feadh roinnt seachtainí, chinn mé ar dhul sa seans ar nós na mílte romham agus ar 19 Deireadh Fómhair 2005, dhírigh mé ar Bhostún.

Laistigh de roinnt bheag seachtainí d'aithin mé go gcoimeádfaí an-ghnóthach mé de thoradh na n-imeachtaí a bhí beartaithe don Nollaig. Ón uair gur dhuine nua mé socraíodh go bhfreastalóinn ar a oiread imeachtaí agus ab fhéidir chun go gcuirfí m'ainm ar a súile don phobal Éireannach. D'fhreastail mé ar na Duaiseanna Solas, Fleá an Choirn Iarnróid, Bál Bliantúil an Lárionaid Chultúrtha Éireannaigh agus Duaiseanna Bliantúla na Sárimreoirí de chuid Chumann Lúthchleas Gael gan ach cúpla ceann acu a lua. Cé go raibh mé spíonta amach, d'aithin mé gur bhealach ríthábhachtach é bheith ag freastal ar na himeachtaí seo chun ceangail a dhéanamh le Gaeil a bhí mór le rá sa phobal gnó chomh maith leis na Gaeil sin gan cháipéisí i mBostún.

De réir mar a scaip an scéal go raibh "sagart Éireannach sa timpeall" mhéadaigh an t-ualach oibre a bhí orm. Chrom mé ar mhinistreacht a dhéanamh leis an bpobal Éireannach, agus Aifrinn Chuimhneacháin, póstaí agus baistí san áireamh. Chuir na himeachtai seo go léir ina luí orm chomh deacair atá sé do na Gaeil gan cháipéisí i mBostún nach bhféadann dul ar eitleán ar mo nós féin chun freastal ar shochraid, ar phósadh nó ar imeacht eile. Is é fírinne an scéil go bhfuil a lán daoine anseo i mBostún "ligthe i ndearmad". Is deacair an rud é cinneadh ar dhul abhaile chun freastal ar shochraid duine is grá leat más gá ansin gach dár oibrigh tú a fhágáil i do dhiaidh, nó cinneadh ar fhanacht de rogha ar dhul go hócáid eile is cúis áthais nó cúis dobróin. Ar an taobh eile den scéal, bíonn teacht aniar sna daoine seo gan cháipéisí agus bíonn dearcadh dearfach acu.

I gcomhar leis an Athair Finn agus an tSiúr Marguerite aithníodh go raibh riachtanais nua ann arbh fhéidir tabhairt fúthu anois ó ba rud é go raibh duine breise ar an mbuíon.

Ceann de na riachtanais ba mhó ab ea an Pobal Éireannach Scothaosta i limistéar Bhostún. I láthair na huaire, tá na Gaeil scothaosta, go háirithe na Gaeil ina gcónaí leo féin, á sainaithint ag an Lárionad Tréadach Éireannach i dteannta na Siúrach Marguerite. Cé go bhfuiltear ar an gcéad chéim ó thaobh eolas a bhailiú, cruinnithe a thionól le heagraíochtaí ábhartha a phléann le daoine scothaosta, is é mo thuairm láidir go bhfuil géarghá le seirbhís ina bhféadfaidh na Gaeil scothaosta bualadh le chéile, bheith i gcuideachta, cabhair chuí nó eolas cuí a fháil faoi fhadhbanna a fhéadfaidh a bheith acu. Faoi dheireadh na bliana 2006, is é ár ndóchas go mbeidh an clár seachtrach seo bunaithe agus ag feidhmiú go hiomlán.

Taithí shásúil nua eile ab ea ministreacht na bpríosún ar thug mé fúithi le príosúnaigh Éireannacha. Ba é an

Feachtas Póstaeir SIA 2005

Feachtas Ceartais d'Inimircigh

Tá Coimisiún Easpaig na hÉireann um Dheoraithe ag leanúint dá chuid oibre thar ceann na nGael Gan Cháipéisí sna Stáit Aontaithe. Ba é seo an t-ábhar ar cuireadh ár bhfeachtas 2005 aiceann air. Oibrímid le Comhdháil Easpaig Chaitliceacha na Stát Aontaithe. Tacaímid lena bhFeachtas Ceartais d'Inimircigh. Is é is cuspóir leis seo ná oideachas a thabhairt don phobal agus freisin toil pholaitiúil a chruthú ar mhaithe le hathchóiriú inimirce agus - nuair a sheolfar é sin - deimhin a dhéanamh de sheachadadh beacht gonta éifeachtúil an eolais chun go ndéanfaidh siad siúd atá gan cháipéisí a dhálaí a thabhairt chun rialtachta. Foilsíonn an Aspalacht Éireannach nuachtlitir mhíosúil agus más suim leat dul ar ár liosta postála cuir scéala chuig ár riarthóir ag *administrator@usairish.org*

Lárionad Tréadach Éireannach an t-aon teagmháil atá ag mórán de na príosúnaigh seo leis an saol lasmuigh, agus go mór mór le baill dá dteaghlaigh sa bhaile in Éirinn. Ní hamháin go dtugaim cuairt ar na príosúnaigh, bhí an deis agam ar bhualadh lena dteaghlaigh agus ar thacaíocht a thairiscint dóibh nuair a d'fhill mé ar Éirinn um Nollaig.

Ceann de na dreamanna nua ar ghlac mé páirt iontu is ea an Bhrústocaireacht Éireannach um Athchóiriú Inimirce. Bhí an t-ádh orm a bheith in ann freastal ar chruinniú tionscnaimh na heagraíochta seo, atá ag déanamh brústocaireachta faoi athchóiriú dearfach inimirice sna Stáit Aontaithe a d'fhéadfadh cabhrú le mórán Gael gan cháipéisí stádas dlíthiúil a fháil. Agus mé bainteach le heagraíocht den chineál sin, táim tar éis oideachas mór a chur orm féin faoin dlí inimirce agus tugann sé caoi dom ar thaobhú leo siúd atá tar éis stádas dlíthiúil a chailleadh.

Cé gur imigh an chéad trí mhí go sciobtha, braithim go bhfuilim tar éis mé féin a lonnú go maith i mBostún, agus go bhfuilim tar éis spriocanna áirithe a shainaithint dom féin agus don eagraíocht i rith na dtrí bliana atá le teacht.

Cé gurb í mo chead tosaíocht ná leas spioradálta tréadach an phobail Éireannaigh uile, tá súil agam freisin go n-éireoidh linn in ár gClár Seachtrach do Dhaoine Scothaosta agus go bhféadfaí an tionscadal seo a fhairsingiú tar éis tamaill ar fud Bhostún agus ar fud stát Massachusetts.

Bíodh is go bhfuilim tar éis ceangail láidre a dheanamh le linn mo thréimhse giorra anseo, tá súil agam go mbeidh aithne ag an bpobal Éireannach orm sna míonna atá romhainn mar an sagart dá gcuid atá ar fáil i dtaobh cibé riachtanais spioradálta nó tréadacha a fhéadfaidh a bheith acu.

An tAthair John McCarthy
Séiplíneach, Lárionad Tréadach Éireannach, Bostún

Seirbhís Chomhairle agus Tacaíochta na nGael, Hammersmith

Le Mike McGing, Comhordaitheoir, Seirbhís Chomhairle agus Tacaíochta na nGael, Hammersmith

Shroich mé Seirbhís Chomhairle agus Tacaíochta na nGael i Hammersmith i Meán Fómhair 2003 agus cuireadh ar mo shúile dom go raibh géarchor bainte amach againn ó thaobh an mhaoinithe de agus ba ghá cinntí crua chun forchostais (foireann) a laghdú go mór. Chuimsigh sé seo an fhoireann a laghdú ó cheathrar go beirt, cuireadh stad le híocaíocht an chíosa do na hoifigí agus laghdaíodh costais eile chun iarracht a dhéanamh ar tharrtháil a thabhairt ar an tionscadal.

D'oibrigh an tseirbhís ó mhí go mí, agus suimeanna beaga airgid á dtiomsú chun go leanfaimis ar aghaidh. Tháinig litreacha ó na húdaráis chánach go rialta, iad ag bagairt gnímh maidir le dliteanas cánach agus an t-am uile bhí an tseirbhís ar oscailt, í ag leanúint de thacaíocht agus de chúnamh a thabhairt do mhórán daoine leochaileacha. Ba thréimhse an-chrua agus an-dhomheanmnach í seo gan aon chríoch dhearfach i ndán dúinn agus beartaíodh clabhsúr a chur ar an obair. I rith na tréimhse seo bhí breis is 1300 cuairt ó chliaint ag an tseirbhís. Tá an chuid is mó de na cliaint a dtugaimid cúnamh dóibh idir 60 agus 80 bliain d'aois, daoine a chuaigh ar imirce ó na daichidí ar aghaidh, agus ba léir nach ndéanfaí athbheochan go deo ar an tseirbhís dá rachadh sí i mbá.

Bhí fíor-riachtanas le tacaíocht an Bhoird Bhainistíochta agus le tionchar suaimhneach an Chathaoirligh an tráth úd (an tAthair Jerry Kivlehan) ó thaobh an tionscadal a choinneáil ar siúl le linn na géarchéime sin a mhair deich mí. Go pointe áirithe, tharla an éigeandáil airgeadais toisc go ndearna an t-údarás áitiúil ár maoiniú a aistarraingt, agus bhí gach dealramh ar an scéal go díshealbhófaí án tseirbhís mar níor íocadh an cíos. Mar sin féin, bhí an tseirbhís tar éis a cuid airgid a ídiú. Murach an chabhair a thug Díon (Rialtas na hÉireann) bheadh an carthanas seo imithe.

I ndiaidh an ghair a rinne Díon dúinn, tháinig a thuilleadh dea-scéala le teagmháil an Athar Alan Hilliard i gCoimisiún Easpaig na hÉireann um Dheoraithe, mar aon le cabhair rí-thábhachtach trí mhaoiniú ó Fheachtas SIA d'Eisimircigh agus ón tSéiplíneacht Éireannach. Bhí fíor-riachtanas leis an tacaíocht airgeadais seo mar cúpla bliain ó shin bhíodh cúig nó sé bhall foirne ag obair i Seirbhís Chomhairle agus Tacaíochta na nGael(ISAS), ach laghdaigh an líon foirne go duine amháin le linn na géarchéime seo; tá an maoiniú breise tar éis é a chur ar chumas ISAS oibrí comhairle nua a earcú. Bhí breis is 900 cuairt ó chliaint ag ISAS agus ghin an tseirbhís ní ba mhó ná £100,000 de shochair bhreise leasa do na cliaint.

Foireann agus Cliaint de Sheirbhís Chomhairle agus Tacaíochta na nGael, Hammersmith

Foireann agus Cliaint de Sheirbhís Chomhairle agus Tacaíochta na nGael, Hammersmith

Bhí mé thar a bheith tiomanta don tseirbhís a thosaigh an tAthair Brian Lawlor mar bhí sí ag feidhmiú le breis is 35 bliana agus í ag freastal ar riachtanais na nGael scoite leochaileacha in Iarthar Londan. Is dóigh liom go bhfeidhmím mar chaomhnóir sealadach ar an gcarthanas agus mothaím dualgas láidir orm ina thaobh mar ba dheoraithe iad mo thuismitheoirí agus bhí orthu dul i ngleic leis na fadhbanna céanna is a bhí ina gcúiseanna buartha do mhórán daoine eile as Éirinn sna seascaidí.

> **“Rinne an tUasal X triall ar ISAS agus é thar a bheith suaite, ach laistigh de mhí bhíomar tar éis a shochar pinsin a shocrú, cóiríocht faoi dhídean agus roinnt airgid i gcomhair troscáin a fháil dó ó charthanas beag Éireannach.”**

Pléann ISAS leis an uile-chineál fiosraithe agus bhí roinnt torthaí sármhaithe ag an tseirbhís ó thaobh cúnamh a thabhairt do chliaint anuraidh. Cás amháin a bhí againn in ISAS a rabhamar an-bhródúil as ab ea ceann ina raibh fear, a d'oibrigh ar feadh a shaoil ach ní raibh aon airgead aige sa deireadh agus bhí air codladh i ngluaisteán. Shroich an tUasal X 60 bliain d'aois agus bhí air éirí as an obair de dheasca easláinte. Rinne an tUasal X triall ar ISAS agus é thar a bheith suaite, ach laistigh de mhí bhíomar tar éis a shochar pinsin a shocrú, cóiríocht faoi dhídean agus roinnt airgid i gcomhair troscáin a fháil dó ó charthanas beag Éireannach. Tá feabhas iomlán tar éis teacht ar mhianach an tsaoil atá ag an Uasal X de bharr na cabhrach ó ISAS. Táimid go léir an-bhródúil as seo agus is é ár dtuairim go dtaispeánann cás an Uasail X go mbaineann barrthábhacht leis an tseirbhís a chuirimid ar fáil.

Cás eile is mian liom a thabhairt is ea cás an Uasail B a bhí ina chónaí i seomra beag stiúideo le thart ar 15 bliana. Bhí an seomra ag dreo de dheasca na taise, ní raibh aon seomra folctha aige mar bhí an tiarna talún tar éis an seomra folctha a líonadh le bruscar. Ba dhorcha é an seomra mar bhí sé suite in íoslach agus ní raibh ach sorn beag bídeach, doirteal beag agus leaba infhillte ar an urlár sa seomra. Tar éis cuairte ar an Uasal X ina sheomra rinne ISAS iarratas ar thithíocht faoi dhídean agus cuireadh litir láidir tacaíocht i dteannta an iarratais.

I ndiaidh cuairte ón oifigeach tithíochta faoi dhidean, tairgeadh árasán nua don Uasal B laistigh de chúpla seachtain. Chabhraigh ISAS leis an Uasal B i dtaca le hiarratais ar dheontais chun troscán nua a fháil mar mhill an taise sa tseanáit an chuid ba mhó dá ghiuirléidí. Tá an tUasal B sona sásta san árasán nua agus is minic a bhuaileann sé isteach chugainn chun a bhuíochas a ghabháil linn agus chun insint dúinn conas atá ag éirí leis.

Leanann ISAS den chur i ngníomh ar athstruchtúrú na seirbhíse a socraíodh i rith na bliana 2005 agus leanann acmhainní airgeadais agus acmhainní daonna de bheith mós teoranta laistigh d'ISAS. Tá gá le maoiniú méadaithe chun a chinntiú go bhféadfaidh ISAS dul i dtadhall le mórán daoine eile a mbaineann dálaí comhchosúla leo agus chun a chinntiú go bhféadfar cabhrú agus tacú leo.

Mike McGing
Comhordaitheoir

6 Eanair 2006

Is cuid den Iontaobhas Carthanúil Éireannach í Seirbhís Chomhairle agus Tacaíochta na nGael

Uimhir Charthanais Chláraithe 1053278
Uimhir Chuideachta faoi theorainn ráthaíochta 31377225

Sleachta ó Phríosúnaigh agus ó Theaghlaigh na bPríosúnach i Litreacha chuig Coimisiún na hÉireann um Príosúnaigh Thar Lear (ICPO)

Ba shlí iad na cuairteanna ar an bpríosún leis an bpianbhreith a chomhaireamh síos, slí lena fhios a bheith agat go raibh dhá chuairt is fiche fágtha, cuairt is fiche fágtha agus mar sin de. Tríd is tríd, obair chrua a bhí i gceist, ach b'fhiú an obair a dhéanamh. Ba mhór an chabhair a bheadh i gceist dá dtionólfaí cruinniú tacaíochta, go mór mór sa chead bhliain agus nuair a bhíothas ag feitheamh le deireadh na pianbhreithe. Ní dóigh liom go bhfuil a fhios ag dóthain daoine faoin ICPO.

J., Bean Chéile Phríosúnaigh

Ceann de na rudaí ba mheasa ná gur minic nach dteastaíonn ón gcuid eile de do theaghlach labhairt leat. Ar uairibh bíonn cairde go hiontach, mar is é an rud atá ag teastáil uait tráth mar sin ná a bheith in ann caint le daoine eile arb é an dála céanna acu é mar dáiríre is iad sin na daoine is féidir do scéal a thuiscint. Díreach a bheith in ann a rá le daoine: 'an mbraitheann tú mar seo uaireanta' nó 'cad a dhéanfá?...' Tá áiteanna ann i gcomhair breoiteachtaí mar alcólacht agus a dteaghlaigh, mar sin ní thuigim cén fáth nach féidir an rud céanna a chur ar fáil dúinne. Is é an dearcadh atá ag daoine áirithe ná, bhuel, cuireadh i bpríosún iad agus bhí cúis leis sin ach fós fágtar daoine cosúil liomsa gan éinne. Is é an t-aon chineál cairdis a fuaireamar ná an ceann ó ICPO mar dhuine chun éisteacht leat agus comhairle a chur ort agus tá a fhios agam gur mór an sásamh do mo dhearthair é an nuachlitir [ó ICPO] a fháil.

L., Deirfiúr Phríosúnaigh

Ó chabhraigh sibh [ICPO] liom teagmháil a dhéanamh le mo dheirfiúr, tá glaonna gutháin á gcur agam uirthi agus coimeádann sí suas chun dáta le gach éinne mé. Is maith an rud é tacaiocht uaithi a bheith agam agus nuacht uaithi a fháil ar an gcuid eile de mo mhuintir. Tá sé seo ag cabhrú le naisc a dhéanamh agus buairt a mhaolú ..... Go raibh maith agaibh as an gcabhair agus má bhím i dtrioblóid ní bhíonn aon imní mhór orm mar bíonn a fhios agam gurb ann don ICPO.

J., Príosúnach, An Ríocht Aontaithe

Téann an t-am thart go rí-mhall in áiteanna mar seo. Cé go mbogann an chuid eile den saol leis, téann an saol anseo go mall agus ní choimeádtar suas chun dáta sinn leis na rudaí nua sa domhan mar ríomhairí agus an tIdirlíon, gutháin phóca agus mar sin de. Ní bheadh a fhios agamsa féin conas ba cheart iad a oibriú. Sea, tá siad feicthe agam ar an teilifís agus mar sin de, ach ní raibh guthán póca riamh i mo lámh agam ná ní raibh fáil riamh agam ar an idirlíon. Is mór ag daoine eile na rudaí sin. Tuigim go mbíonn daoine éadaingean gan rudaí mar sin, ach daoine cosúil liom, áfach, ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ina n-éagmais agus ní thugtar aon oiliúint dúinn ó thaobh rudaí den chineál sin a úsáid. Cuireann sé eagla orm dáiríre go bhfuil a fhios agam go mbeidh mé lasmuigh sa deireadh. Beidh mé ar nós duine ó phláinéad eile toisc gan a bheith a fhios agam faoi conas is ceart feidhm a bhaint as airgead, gutháin agus mar sin de.

M., Príosúnach

On the Road

By Sheldon Smith

Billie on the boil
Tea in the pot
Horse hitched to the van
On the road once again.
Day breaking beautifully
People in traps and carts
Chestnuts, dapples, whites and greys
Horses like family along our way.
The trees, hedges and fields
Imprinted in our hearts
Banter with passers by
Some miles travelled
A new patch of land
Working without demands
A future for us and nature
To hold hands.

(Ó Chlé go Deis)
An tAthair Gerry McFlynn, Eilish Wren, Sheldon Smith, Joanne Keane O'Flynn & John Goodman

Bhuaigh an dán seo Duais na Filíochta don Bhliain 2005 i Rannóg Scríbhneoireachta na bPríosún d'Fhéile Scríbhneoirí Lios Tuathail.

Oifig Éireannach Leasa na hAstráile (Illawarra)

Le Barbara Ryan, Comhordaitheoir Oifig Éireannach Leasa na hAstráile, Illawarra, NSW

25 Eanair 2006

Tá Oifig Éireannach Leasa na hAstráile buíoch as maoiniú a fháil ó SIA sa bhliain 2005.

Bunaíodh craobh Illawarra den Oifig Leasa aon bhliain déag ó shin chun cúnamh a thabhairt do dhaoine de bhunadh Éireannach a chónaíonn san áit, móide turasóirí Éireannacha. Roimhe sin thug an Oifig cúnamh do thurasóirí mála droma san Illawarra agus tabharfaidh sí cúnamh do thurasóirí atá i dtrioblóid i N.S.W. Theas.

Tugann ionadaithe na hOifige Leasa cuairt ar bhaill atá san ospidéal, atá breoite sa bhaile nó nach bhfuil in ann freastal ar an gcruinniú 'buail isteach' gach coicís toisc iad a bheith ró-lag. Lena chois sin, tugann siad cúnamh do bhaill ó thaobh iompar chuig coinní dochtúra, siopadóireacht sheachtainiúil nó bualadh leo i gcomhair cupán tae. Faoi láthair maoinítear a gcuid imeachtaí trí dheontas ó Rialtas na hÉireann, béile míosúil ispíní ag lárionad áitiúil siopadóireachta, díolachán earraí de dhéantús baile a bhaineann le Lá Fhéile Pádraig ag láithreacha san áit, ag óstáin agus trí SIA dar ndóigh.

Cuireann an cruinniú 'buail isteach' gach coicís láthair ar fáil do thacaíocht shóisialta, do cheol agus do chanadh amhrán le banna ceoil Ghaelaigh/ Tíre/ Tuaithe, móide sólaistí. Tugann sé caoi do bhaill ar a gcairde a fheiceáil, caint faoi cad atá tábhachtach dóibh agus cúnamh a thabhairt dá chéile in am an ghátair nó nuair a fhaigheann páirtí bás. Freastalaíonn daoine thar 60 bliain d'aois ar an gcruinniú 'buail isteach' de ghnáth.

Thairis sin, eagraíonn an Oifig Leasa Crann na Nollag do chlann clainne na mball. Is é an sprioc atá acu agus an imeacht seo á eagrú acu ná feasacht na bpáistí ar a n-oidhreacht Éireannach a mhéadú. Is í is feidhm liomsa ná cabhrú leis an gcoiste a n-imeachtaí a sheoladh a mhéid atá sé indéanta, agus ullmhú na Nuachtlitreach Míosúla san áireamh. Trí fhreastal ar na himeachtaí éagsúla a eagraítear do na baill, tá comhthuiscint á cothú agam leis an dream i dtreo go móthaíonn siad ar a suaimhneas agus mo chúnamh á lorg acu. É seo ar an mbonn go dtuigtear go bhfuil sé de cheart acu mar shaoránach na tíre seo fónamh a bhaint as seirbhísí reatha agus nach bhfuil siad "ag glacadh le déirc". An mhí seo chugainn (5 Feabhra 2006) tionólfar an tAifreann Bliantúil Cuimhneacháin i gcuimhne ar na baill éagtha d'Oifig Éireannach Leasa na hAstráile. Is imeacht thábhachtach ina bhFéilire Bliantúil é seo mar taispeánann sé do theaghlaigh na marbh chomh tábhachtach a bhí an duine do dhaoine eile sa phobal agus tugann an imeacht urraim dá gcuimhne. Bainistíonn oibrithe deonacha Oifig Éireannach Leasa na hAstráile (Illawarra).

A bhuí le do fhlaithiúlacht, tá siad tar éis mé a fhostú d'fhonn cúnamh a thabhairt dóibh chun a chinntiú go mbeidh acmhainn chomh luachmhar sin ar fáil sna blianta atá le teacht.

Barbara Ryan
Comhordaitheoir, Oifig Éireannach Leasa na hAstráile

Grianghraif a thaispeánann pictiúir ó Aifreann na Nollag do Thurasóirí Mála Droma ó Éirinn ar Bondi Sráid Wellington. Cheiliúir an tAthair Tom Devereux agus an tEaspag David Cremin an tAifreann. Ina dhiaidh sin rinne siad greann le daoine a d'fhreastail ar an Aifreann, glacadh pictiúir díobh leo agus labhair siad le roinnt tuismitheoirí in Éirinn ar ghuthán póca.

Grainghraif le Dean Sewell, S.M.H. News. Glactha ar 25 Mí na Nollag 2005.

Teachtaireacht ó Uachtarán na hÉireann do Choimisiún na hÉireann um Príosúnaigh Thar Lear cothrom an lae a bunaíodh é fiche bliain ó shin, Mí na Samhna 2005

Is cúis mhór áthais dom mo dhea-mhéin a chur in iúl do Choimisiún na hÉireann um Príosúnaigh Thar Lear cothrom an lae a bunaíodh é fiche bliain ó shin.

Nochtann bhur n-imní phraiticiúil faoi dhaonnacht na bpriosúnach thar lear trua agus trócaire a fhéadann dóchas a thabhairt do dhaoine Éireannacha atá i bhfad óna muintir agus atá i gcruachás. An obair atá déanta agaibh chun cearta agus dínit na bpríosúnach a shuíomh, tagann sí ó fhíorghairm agus ó fhíorimní faoin anchaoi ina bhfuil siad agus faoin anchaoi ina bhfuil na daoine is grá leo sa bhaile.

Guím gach rath san am atá le teacht ar Choimisiún na hÉireann um Príosúnaigh Thar Lear.

Máire Mhic Ghiolla Íosa
Uachtarán na hÉireann

Tionscadail a bhaineann tairbhe as Maoiniú SIA 2004

Is é is príomhchuspóir le Feachtas SIA ná fóirithint a dhéanamh ar leithlis na n-eisimirceach Éireannach scothaosta.

Tionscadal Muintearais Cricklewood	€29,722.21
Lárionad Éireannach Leasa Birmingham	€37,151.54
Cúram na nGael Scothaosta i nDerby	€748.16
Cúram na nGael Scothaosta in Euston	€7,441.60
Comhairle d'Eisimircigh (Emigrant Advice)	€2,000.00
Lárionad Tacaíochta na nGael, Hammersmith	€22,315.91
Comhairliú agus Siciteiripe d'Inimircigh	€29,722.12
Aspalacht Éireannach Stáit Aontaithe Mheiriceá	€56,956.00
Oifigí Éireannacha Leasa i Woolongong, Victoria agus Sydney	€22,608.00
Tionscadal Muintearais na Séiplíneachta Éireannaí sa Bhreatain	€158,000.00
Séiplíneacht Éireannach Nua-Eabhrac	€10,000.00
Coimisiún na hÉireann um Príosúnaigh Thar Lear, Maigh Nuad	€16,650.00
Seirbhís Sheachtrach Choimisiún na hÉireann um Príosúnaigh Thar Lear	€43,258.00
Scéim Oibrithe Deonacha Choimisiún na hÉireann um Príosúnaigh Thar Lear	€8,651.00
Tionscadal Islington - Cúram na nGael Scothaosta	€1,491.87
Lárionad Éireannach Londan	€44,580.96
Seirbhís Sheachtrach Thréadach do Lucht Siúil na hÉireann, Sasana	€36,000.00

Féadfar síntiús a dhéanamh trí dhréacht nó trí sheic a chur go dtí an seoladh seo a leanas:

Feachtas SIA

f/c Coimisiún Easpaig na hÉireann um Dheoraithe
Lárionad Colm Cille
Maigh Nuad
Contae Chill Dara

Má theastaíonn admháil uait cuir tic leis an mbosca, le do thoil ☐

Ainm agus seoladh ar cóir an admháil a chur chucu:

_____

_____

_____

_____